# Trí Pháirc Nua Oscailte ag Coill na Silíní, Co.Bhaile Átha Cliath






dlr
Comhairle Contae County Council


Déanfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin cloch mhíle thábhachtach a mharcáil i bhforbairt Chrios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní trí na trí pháirc shuaitheanta a oscailt ag An Tulaigh, Beicéad agus Tigh an Chnoic. Bainfidh Coill na Silíní leas as níos mó ná 60 heicteár de spás glas áineasa agus nádúrtha agus é suite idir dhá phríomhchonaire iompair an N11 agus an M50. Beidh na trí pháirc nua seo idirnasctha le gréasán cuimsitheach de shiúlbhealaí coisithe agus rotharbhealaí.



# Páirc na Tulaí



Is í Páirc na Tulaí an príomhpháirc atá suite i gcroílár Choill na Silíní, a chuimsíonn 9 n-heictéar de spás oscailte agus a chuireann raon de nithe is díol spéise do chuairteoirí ar fáil, lena n-áirítear aclaíocht, siúlóidí súgartha agus éiceolaíochta, limistéir áineasa ghníomhacha agus éighníomhacha agus clós súgartha le caifé. Beidh ceantar oidhreachta sainiúil i gcroílár na páirce ina mbeidh trí Shéadchomhartha Náisiúnta Eaglais na Tulaí, Reilig na Tulaí agus Ardchros na Tulaí. Is nasc tábhachtach í Páirc na Tulaí sa líonra leathan de bhealaí rothaíochta agus siúlbhealaí coisithe atá ar fud cheantar Choill na Silíní. Forbraíodh an maoiniú le haghaidh Chéim 2 de Pháirc na Tulaí faoi Ghlao 1 den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF), ar tionscnamh é de chuid Thionscadal Éireann 2040. Tá naoi n-ionad rochtana uilíoch ar Pháirc na Tulaí, rud a chiallaíonn gur féidir le cuairteoirí de gach cumas cuairt a thabhairt agus taitneamh a bhaint as, le suíocháin agus pointí scíthe ar fud na páirce.



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



# Páirc Thigh an Chnoic

Is páirc 19 heicteár í Páirc Thigh an Chnoic le ceithre pháirc féir lena n-áirítear páirc iomlán CLG, áiseanna coimhdeacha lena n-áirítear suíocháin, cosáin le comharthaíocht, seastáin rothaíochta agus tírdhreachú bog. Beidh saoráid aon stór amháin ina mbeidh ceithre sheomra feistis, áiseanna leithris, stóráil, cóiríocht choimhdeach agus oibreacha seachtracha gaolmhara lena n-áirítear áiseanna páirceála rothaíochta. Faoi láthair, tá rochtain ar Pháirc Thigh an Chnoic trí chosán coisithe tríd an droichead talmhaíochta thar an M50 ag baint úsáide as na cosáin comhroinnte do choisithe agus do rothaithe. Ba chóir do chuairteoirí atá ag taisteal i bhfeithicil páirceáil sa charrchlós sealadach a cheadaíonn 83 spás, lena n-áirítear ceithre bhá páirceála d' úsáideoirí faoi mhíchumas, trí bhá do chóistí agus ceithre spás do ghluaisrothair.

# Páirc Bheicéid

Páirc 5-heicteár is ea Páirc Bheicéid a chuireann páirc spóirt uile-aimsire ar fáil, sé chúirt leadóige, cúirt boules, ceantar cluichí ilúsáide, clós súgartha áitiúil, giomnáisiam amuigh faoin aer, agus pailliún spóirt le caifé, ar mhaithe le cónaitheoirí agus clubanna na bpobal atá ag teacht chun cinn i gceantar Choill na Silíní.

Beidh rochtain iomlán ag daltaí na sé scoil sa cheantar ar na háiseanna seo chun tacú lena gcláir spóirt.

Is féidir rochtain éasca a fháil ar an bpáirc aoisbháúil ghníomhach seo trí úsáid a bhaint as conairí do choisithe agus do rothaithe ó áit ar bith i gceantar Choill na Silíní agus tá páirceáil ann do rothair,carranna agus do chóistí.







Cuirfidh Coill na Silíní thart ar 8,800 teach nua ar fáil, le 10 % ar a laghad d'aonaid tithíochta sóisialta, agus freastalóidh sé ar dhaonra thart ar 26,000 nuair a bheidh an baile tógtha go hiomlán. Beidh Lár Bhaile Choill na Silíní ag feidhmiú mar lárbhaile ilúsáide agus beidh trí Lárionaid Shráidbhailteacha, chomh maith leis na comharsanachtaí cónaitheacha sa bhaile. Déanfar freastal air le naisc iompair níos fearr lena n-áirítear seirbhís bus fheabhsaithe, cúig stad Luas agus glasbhealaí do choisithe agus do rothar. Ina theannta sin, beidh dhá iarbhunscoil agus ceithre bhunscoil agus páirc chomharsanachta áitiúla ann, chomh maith le trí pháirc nua: Páirc na Tulaí, Páirc Thigh an Chnoic agus Páirc Bheicéid.

Tuilleadh eolais ag dlrcoco.ie